

Ag Ullmhú don Aimsir Amach Romhainn

AN UAIMH 2030



Tá tábhacht ag baint leis an méid a chaithfear a dhéanamh san Uaimh faoi láthair ó thaobh na forbartha de. De réir mar a thagann méadú ar líon na ndaoine a chónaíonn ann, caithfear an baile a chur in oiriúint dá gcuid riachtanas. Is é sin an fáth a bhfuil Plean 2030 na hUaimhe forbartha ag Comhairle Chontae na Mí.

Baineann An Uaimh 2030 le todhchaí na hUaimhe. Is anois atá tús á chur leis agus é i gceist againn croílár an bhaile a athbheochan.

Mar chuid den phlean atá ann, déanfar lár an bhaile a athbheochan agus beifear in ann é a bhaint amach go saoráideach, rud a fhágfaidh gur áit mhaith í an Uaimh le maireachtáil ann, le hobair ann agus le cuairt a thabhairt air.

Tiocfaidh borradh eacnamaíochta faoin mbaile dá bharr, áit a dtacófar le gnó, miondíol agus turasóireacht.

Tá dhá phríomhchuid sa phlean:

- 1. Cruth an bhaile agus na limistéir phoiblí ann a fheabhsú agus cur leo**
- 2. Rochtain agus gluaiseacht isteach agus amach as lár an bhaile a fheabhsú**

Fágfaidh timpeallacht nua, mhealltach a chuirfear ar fáil do choisithe go dtaitneoidh sé níos mó le daoine cuairt a thabhairt ar lár an bhaile. Lena chois sin, spreagfar tuilleadh daoine le cuairt a thabhairt ar an áit, siopadóireacht a dhéanamh ann agus fanacht ann níos faide.

Is cuid lárnach de na haidhmeanna seo seirbhísí iompair phoiblí iontaofa agus rochtain níos fearr a chur ar fáil do choisithe.

Is féidir achoimre ar an bplean a fheiceáil istigh sa nuachtlitr seo agus is féidir na sonraí a bhaineann le comhairliúchán poiblí a dhéanfar agus a mbeidh fógraí faoi timpeall an bhaile, a fheiceáil ar an leathanach cúl.

Dreach an Bhaile agus an Réimse Poiblí

Príomhghnéithe:

- Áiseanna ardchaighdeán do choisithe agus ceangal eatarthu ar fad.
- Sráideanna, lánáí agus spásanna poiblí a uasghrádú sna limistéir stairiúla agus nua-aimseartha i lár an bhaile.
- Ceangal láidir a bhunú agus a chur chun cinn idir coisithe agus na limistéir stairiúla agus nua-aimseartha, an chuid miondíola/tráchtála, agus an chuid cultúir den Uaimh.
- Cosáin, suíocháin, troscán sráide, trasrianta coisithe agus soilse sráide ar ardchaighdeán.
- Faiche an Aonaigh a uasghrádú mar bhealach isteach go dtí lár an bhaile ón gCuarbhóthar.
- Bealaí isteach/pointí iontrála go lár an bhaile a chur i láthair níos fearr.



Rochtain agus Gluaiseacht a Fheabhsú



Príomhghnéithe:

- > An méid tráchta a bhíonn i gCearnóg an Mhargaidh a laghdú, rud a chuirfidh le timpeallacht na gcoisithe.
- > Spás na gcoisithe a fheabhsú thart timpeall Plás Uí Chinnéide, áit a mbeidh ceangal idir busanna na mbealaí go léir, mar aon le hoifig eolais agus ticéad/kiosk.
- > Bearta tráchta ar leith a dhéanamh lena dtabharfar tús áite do bhusanna agus lena bhfeabhsófar an líonra iompair phoiblí.
- > Bealaí bus a bheith ar shráideanna atá feiliúnach d'fheithiclí móra agus d'áiseanna stad bus.
- > Custaiméirí siopadóireachta a bheith ag baint tairbhe as laghdú tráchta ar Shráid Gheata Bhaile Átha Troim.
- > Athruithe a dhéanamh ar an sruth tráchta chun gur féidir na bearta nua iompair phoiblí a chur i bhfeidhm.

An Scéim a Chur i bhFeidhm

Tar éis cead planála a fháil, d'fhéadfaí tús a chur leis an obair go luath sa bhliain 2018 agus a thabhairt chun críche cuid mhór sa bhliain 2020. Déanfar an obair de réir a chéile agus déanfar bainistiú uirthi ar bhealach nach gcuirfidh as do dhaoine rómhór.

Comhairliúchán Poiblí

Beidh comhairliúchán poiblí ag Comhairle Chontae na Mí i dtaobh an phlean An Uaimh 2030. Féadfar tuilleadh eolais a fháil faoin gcomhairliúchán sna ceithre áit thíos le linn uaireanta oifige gach lá oibre, ón **8ú Bealtaine 2017 go dtí an 20ú Meitheamh 2017** (gan Dé Luain an 5ú Meitheamh a chur san áireamh).

Is féidir a bheith i láthair ag an gComhairliúchán Poiblí ag:

- Comhairle Chontae na Mí, Halla an Chontae, Sráid an Bhóthair Iarainn, An Uaimh;
- Comhairle Chontae na Mí, Oifigí Cathartha na hUaimhe, Sráid Gheata an Uisce, An Uaimh;
- Comhairle Chontae na Mí, An Rannóg Pleanála, Teach Buvinda, Bóthar Bhaile Átha Cliath, An Uaimh; agus
- Leabharlann na hUaimhe, Sráid an Bhóthair Iarainn, An Uaimh.

Beidh baill d'fhoireann an tionscadail ar fáil le ceisteanna a fhreagairt sna háiteanna taispeántais thíos ar na dátaí agus na hamanna seo a leanas:

- > Óstán Bhrú na Bóinne, Sráid an Droichid, An Uaimh: Dé Máirt an 23ú Bealtaine ón 3pm go dtí an 8pm;
- > Óstán Bhrú na Bóinne, Sráid an Droichid, An Uaimh: Dé Máirt an 6ú Meitheamh ón 3pm go dtí an 8pm; agus
- > Ionad Ealaíon an Ghrianstad, Sráid an Bhóthair Iarainn, An Uaimh: Dé Máirt an 13ú Meitheamh ón 4pm go dtí an 8pm.

Le haghaidh tuilleadh eolais, téigh chuig www.meath.ie.

Aighneacht a Dhéanamh

Is féidir aighneachtaí a dhéanamh i scríbhinn chuig an Rannóg Pleanála, Comhairle Chontae na Mí, Teach Buvinda, Bóthar Bhaile Átha Cliath, An Uaimh, Co. na Mí, C15 Y291 nó iad a sheoladh ar ríomhphost chuig planning@meathcoco.ie. Is gá iad a sheoladh ar ríomhphost faoin 4.00 pm, Dé Máirt an 4ú Iúil 2017, nó roimhe sin.

Déan Teagmháil Linn

Má bhíonn ceist agat faoi aighneacht a dhéanamh nó aon cheist faoi na pleananna, is féidir leat teagmháil a dhéanamh linn ag:

Ríomhphost: transport@meathcoco.ie

Teil: **046 9097150**

An English version of this document is available on request or can be downloaded from www.meath.ie

Tá leagan Béarla den cháipéis seo ar fáil ach é a iarraidh, nó is féidir é a íoslódáil www.meath.ie

Ag Ullmhú don Aimsir Amach Romhainn

AN UAIMH 2030



Mar chuid den phlean atá ann, déanfar lár an bhaile a athbheochan agus beifear in ann é a bhaint amach go saoráideach, rud a fhágfaidh gur áit mhaith í an Uaimh le maireachtáil ann, le hobair ann agus le cuairt a thabhairt air.



1 Sráid Gheata Bhaile Átha Troim

Timpeallacht shábháilte, thaitneamhach, miondíola a bheidh i Sráid Gheata Bhaile Átha Troim, a bhainfidh tairbhe as laghdú a theacht ar an trácht ann, go háirithe feithiclí a iompróidh earraí troma.

2 Lána Rae na gCanónach

Déanfar cosáin nua do choisithe i lár an bhaile i lánaí nua, uasghrádaithe.



Is mó taitneamh a bhainfidh daoine as lár an bhaile de bharr timpeallacht ardchaighdeáin a bheith ann do choisithe, agus cuirfear le líon na ndaoine a thiocfaidh ar an mbaile dá barr; fanfar níos faide agus caithfear níos mó airgid.



3 Sráid an Bhóthair Iarainn

Sráid dhá bhealach a bheidh i Sráid an Bhóthair Iarainn.

4 Plás Uí Chinnéide

Beidh tuilleadh spáis ann do choisithe ar Plás Uí Chinnéide mar aon le stad bus a dhéanfaidh ceangal idir busanna na mbealaí go léir. Is anseo a bheidh oifig eolais agus ticéad/kiosk freisin.



Ag Ullmhú don Aimsir Amach Romhainn

AN UAIMH 2030



5 Cearnóg an Mhargaidh

Beidh níos lú tráchta i gCearnóg an Mhargaidh agus timpeallacht níos feiliúnaí agus níos fearr ann do choisithe.



6 Seanmhargadh an Arbhair

Beidh timpeallacht níos sábháilte ann do choisithe i Lár Bhaile na hUaimhe toisc nach ligfear d'fheithiclí teacht trí Sheanmhargadh an Arbhair.



7 Sráid Ludlow

Cuirfear an trácht ar malairt treo ar Shráid Ludlow agus ar Shráid an Droichid.



8 Faiche an Aonaigh

Déanfar uasghrádú ar Fhaiche an Aonaigh d'fhonn is go mbeidh bealach isteach go dtí an baile ón gCuarbhóthar a bheidh mealltach, sábháilte agus nua-aimseartha.

N

Céard atá molta?

- > Sráideanna na hUaimhe a dhéanamh níos mealltaí agus níos cuidsúlaí.
- > Sráideanna, lánaí agus spásanna poiblí a uasghrádú sna limistéir stairiúla agus nua-aimseartha i lár an bhaile, áit a mbeidh áiseanna ar ardchaighdeán do choisithe agus iad ar fad ceangailte lena chéile
- > Inrochtaineacht níos fearr a bheith ann do choisithe, lena n-áirítear daoine atá faoi mhíchumas agus rothaithe, mar aon le hiompar poiblí, carranna agus feithiclí eile
- > Rochtain fheabhsaithe ar iompar poiblí agus ó iompar poiblí
- > A oiread ceangail agus is féidir a bheith idir áiseanna na gcoisithe i lár an bhaile
- > Sráideanna sábháilte a mbeidh feidhmeanna go leor leo, áit a gceansófar trácht agus a mbeidh cothromaíocht idir gluaiseacht agus féiniúlacht áite
- > Ceangal láidir a bhunú agus a chur chun cinn idir coisithe agus na limistéir stairiúla agus nua-aimseartha, an chuid miondíola/tráchtála, agus an chuid cultúir den Uaimh
- > Bealaí na mbusanna áitiúla agus réigiúnacha a chur in oiriúint dá chéile agus a cheangal dá chéile
- > Áit le haghaidh 'Terminus'/Páirceáil agus Taisteal' a dhéanamh do bhusanna ar imeall an bhaile
- > Trácht a chur ar malairt treo timpeall lár an bhaile
- > Tuilleadh spáis a bheith ann do choisithe agus é ar ardchaighdeán